# ☸An Lúibín☸

10 Meitheamh 2012

**Láinseáil *Hidden Ireland in Victoria***

Láinseáil an leabhair is déanaí ó lámh Val Noone, Comhalta Onórach sa Roinn Staire, Ollscoil Melbourne, agus scoláire a bhfuil taighde fada déanta aige ar an nGaeilge in oirdheisceart na hAstráile - i Stát Victoria sa chás seo. Is é *Hidden Ireland in Victoria* toradh an taighde sin agus é curtha amach go snasta slachtmhar ag Ballarat Heritage Services. Bhí an ócáid ar siúl sa Chlub Ceilteach in Melbourne agus bhí slua ann - timpeall 200 duine agus gan aithne againn ar a bhformhór, cé gur léir go raibh aithne éigin acu ar an údar. Chualamar cúpla amhránaí agus roinnt óráidí – labhair ionadaí de chuid na bhfhoilsitheoirí (dream *boutique* a dhéanann rudaí nach spéis leis na foilsitheoirí móra), Elizabeth Malcolm, scoth scoláire agus ollamh le léann Éireannach, Siúinín Uí Mhaoileoin (athuachtarán Chumann Gaeilge na hAstráile) agus an Dr Noone féin.

Deoch le fáil agus blúirí bia, agus tóir ar an leabhar féin, a bhí á dhíol gan stad. Scaip cuid den slua agus sláinte an údair ólta, ach bhí mórán fós ann, ag caint, ag gáire, ag ól go fóill. An chuid is mó acu idir dhá aois, agus cuid acu níos sine ná sin, cé go raibh roinnt leanaí le feiceáil. Scata cainteoirí Gaeilge ann, idir chainteoirí dúchais agus Ghaeilgeoirí. Bhuail an tAmbasadóir é féin isteach i ndeireadh an scéil agus é tar éis éalú ó ócáidí eile.

Bhuail cuid de lucht na Gaeilge le chéile - Mossie Ó Scanláin (Ciarraíoch, údar, amhránaí), Paula Kehoe, (Astrálach atá ag obair do TG4), Éamonn Ó Neachtain as Ráth Chairn, Éamonn Ó Riain (Astrálach eile), Siúinín (nach bhfuil Contae an Chláir dearmadta aici) agus *An Lúibín* féin. Iad go léir sa leabhar agus iomrá leo dá réir. Bhailíomar thíos staighre agus deoch an dorais inár nglac againn (deoch ghlas i gcás *An Lúibín*, a bhíonn ina staonaire ach amháin um Nollaig). Dreas comhrá agus scaradh na gcompánach.

An leabhar, mar sin: an chéad chuntas riamh ar stair na teanga in Victoria agus léargas beag tugtha freisin ar an nGàidhlig. É déanta as míle blúire eolais, iad scagtha, scrúdaithe agus fite fuaite ina chéile go bríomhar soléite. Níorbh fhéidir a bheith taobh le téacsanna amháin – tá siad ann ach tá siad gann. Is léir ón leabhar go raibh idir leanúnachas agus bhriseadh slabhra ann - na mílte cainteoir ann sa 19ú haois (tháinig a bhformhór i seascaidí na haoise sin), athbheochan bheag in Melbourne timpeall na bliana 1900 a raibh idir chainteoirí dúchais agus Ghaeilgeoirí páirteach inti, ranganna ar siúl go fóill sna fichidí, suim ag roinnt bheag daoine sa teanga go fóill sna daichidí, sna caogaidí. Ach na daoine a thosaigh ag foghlaim, ag athfhoghlaim nó ag múineadh Gaeilge sna hochtóidí in Melbourne (an dara hAthbheochan, mar a déarfá) ar éigean a bhí eolas acu ar ar tháinig rompu.

Ar shlí, is freagra agus is trácht ar argóint eile é an leabhar – argóint a rinne Patrick O'Farrell, staraí mór na nÉireannach san Astráil.[1] Chuir sé in iúl gur thréig na hinimircigh an teanga chomh luath agus ab fhéidir leo, agus gur ar a n-aigne agus ar a ndearcadh is mó a d'fhág sí a rian. Is dócha gur tháinig O'Farrell ar athchomhairle faoin scéal ina dhiaidh sin, a bheag nó a mhór; pé scéal é, taispeánann an leabhar nua seo go mbíodh na hinimircigh ag úsáid Gaeilge eatarthu féin go lán-nádúrtha agus go mbíodh sí ag cuid dá gclann. Sin taobh amháin an scéil. Is é an taobh eile na hiarrachtaí a thug scata ar an teanga a fhoghlaim san Astráil, iarrachtaí a d'eascair ó chuimhne éigin ar Éirinn idéalaithe ar dtús agus a d'éirigh níos 'griandóite' leis an aimsir.

D'áiteodh daoine áirithe gur teanga fhíor-Astrálach an Ghaeilge le fada an lá. (D'áiteodh *An Lúibín* é.) Teanga a tháinig i dtír sa deisceart i ndeireadh an 18ú haois, teanga a chuaigh i neart as sin amach, teanga nach raibh gan chainteoirí riamh. Ach ní furasta an Ghaeilge a shaothrú san Astráil go neamhstaidéarach nádúrtha; ní mór dúthracht bhreise chuige. Mothaítear go bhfuil athfhréamhú le déanamh, fiú agus an stair úd ann. Cuid den athfhréamhú úd *Hidden Ireland in Victoria*, ós é a thugann léargas dúinn ar scéal nár chríochnaigh fós, á chur in iúl gur cuid bheo de dhúchas na tíre í an teanga. Agus aithnítear an taobh Bundúchasach den scéal: dá dhaingne í an Ghaeilge i gcré an deiscirt, bhí teangacha agus dúchas roimpi ann.

[1] O'Farrell, Patrick, *The Irish in Australia*, University of NSW Press, 1986.

Táthar ag smaoineamh anois ar leagan Gaeilge. Beidh fáilte roimhe.

**Val Noone: *Hidden Ireland in Victoria*, Ballarat Heritage Services, 2012.**
**ISBN 9781876478834**

Féach

**http://www.ballaratheritage.com.au/bookstore/bookstore.html**

**http://www.borders.com.au/book/hidden-ireland-in-victoria/32744396/**

♦❖♦❖❖♦❖♦

**OIREACHTAS GAEILGE CHEANADA**, **www.oireachtas.ca**

**6-8 Iúil 2012**

**Láithreacha:**

1. Gaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir (Erinsville/Tamworth, Ontario), agus
2. Days Inn, Dún Laoghaire (Kingston), Ontario, http://www.daysinnkingston.com/Events.html

Ar na himeachtaí beidh taispeántas Chultúr na Gaeltachta, dráma, seoladh leabhar, Club na Féile, céilí, féile Ghaelach amuigh faoin aer, comórtais (caint, litríocht, amhránaíocht, ceol, damhsa) agus féasta.

Seo liosta na moltóirí:

**Liam Ó Maolaodha:** Stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge in Éirinn

**Máirín Nic Dhonnchadha:** Riarthóir ealaíne, Oireachtas na Gaeilge in Éirinn

**Máirín Uí Chéide**: Buaiteoir Chorn Uí Riada agus moltóir de chuid Oireachtas na Gaeilge in Éirinn

**Labhras Sonaí Choilm Learraí:** Damhsóir cáiliúil agus moltóir ar Jig Gig, TG4

**Meaití Jó Shéamuis**: Ceoltóir aitheanta, buaiteoir Chorn Uí Riada, iarláithreoir de chuid RnaG

**Cilian Fennell:** Comhbhuaiteoir Stillwater Communications, iarcheannasaí clár TG4, iarléiritheoir de chuid RTÉ (m.sh. Late Late Show)

**Gach eolas agus clárúchán:** www.oireachtas.ca

**Teagmháil:** kenny-h@rmc.ca

**Spriocdháta do rátaí speisialta óstáin:** 15 Meitheamh 2012

♦❖♦❖❖♦❖♦

## Glaoch ar Pháipéir don Chomhdháil

## um Théacsanna Meánaoiseacha an Dlí Cheiltigh

Tá fáilte roimh pháipéir scoláiriúla (fiche nóiméad ar fad) a phléann leis an dlí Ceilteach sa luathré nó sna meánaoiseanna.

Ní mór achoimrí nach mbeadh níos faide ná 250 focal a chur tríd an ríomhphost chun an Dr Pamela O'Neill: pamaladh@gmail.com. Ba chóir dóibh a bheith istigh faoi 30 Iúil 2012 Dé Luain. Fógrófar cé na cinn ar glacadh leo ar 6 Lúnasa 2012 Dé Luain, nuair a chuirfear dréacht de chlár na Comhdhála ar fáil. Má tá gá ag aon duine le glacadh níos luaithe (e.g. i gcomhair iarratas maoinithe) ní mór dó é sin a chur in iúl san achoimre.

Más áil leat d'ainm a bheith ar an liosta seolta, déan teagmháil leis an Dr O'Neill. Beidh eolas ar an gComhdháil le fáil ó am go ham ar shuíomh Léann Ceilteach Ollscoil New South Wales: **www.sydney.edu.au/arts/celtic_studies**.

$200 an táille do na ghnáthrannpháirtithe agus $100 do mhic léinn agus do dhaoine gan tuarastal. Beidh breis eolais le fáil sa dréachtchlár i Mí na Lúnasa.

Iarrfar ar na rannpháirtithe a bpáipéir a chur isteach chun go bhféadfaí iad a fhoilsiú trí phiarmheasúnú i leabhar de chuid Fhundúireacht Léinn Cheiltigh Ollscoil Sydney.

♦❖♦❖❖♦❖♦

**An chaint sna scoileanna**

Beidh daltaí ag déanamh Páipéar nua Gaeilge na Meánteistiméireachta i mbliana in Éirinn agus béim (faoi dheireadh) ar an gcaint. Beidh 40% de na marcanna ag brath ar líofacht cainte seachas 25% mar a bhí roimhe seo.

Is díol spéise é, mar sin, an t-alt a scríobh Andrew McKimm don *Independent* le déanaí agus agallamh ann le Risteárd Báiréad, múinteoir Gaeilge i gColáiste na Carraige Duibhe i mBaile Átha Cliath.[2] Feiceann an Báiréadach an taobh is gile den scéal. Deir sé go mbíonn daoine á rá leis nach bhfuil an cúpla focal féin acu tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an teanga le trí bliana déag – agus nach bhfuil an ceart acu. Tá foclóir mór acu, agus nuair a labhraíonn sé leo tuigeann siad gan dua é.

Admhaíonn sé go nár mhaith le daoine an Ghaeilge tráth ach deir sé gur mó a thaitníonn sí lena bhformhór anois. Is fearr an chiall atá ag daoine do stair na hÉireann agus b'fhearr leo breis Gaeilge a bheith acu. Deir sé nach bhfuil an sean-naimhdeas ag a dhaltaí féin don teanga: glacann siad léi mar chuid den chóras. Ní hiad na 'narrow-minded Gaeilgeoirí' a dhéanann an tÉireannachas a shainmhíniú anois; ní bhaineann an teanga le haon traidisiún polaitiúil nó reiligiúnda ar leith, agus uaireanta is iad na hinimircigh is fearr a fhoghlaimíonn í. Agus cé gur beag é saol liteartha na Gaeilge, níl easpa beochta air.

B'fhéidir é: ach b'fhearr go mór an teanga a mhúineadh le héifeacht sna bunscoileanna chun go mbeadh na daltaí lánlíofa. Is féidir é a dhéanamh ach is fada go ndéanfar é: níl na múinteoirí ann chuige. Sin é an fáth a bhfuil rath ar na gaelscoileanna.

♦❖♦❖❖♦❖♦

**Seirbhís agus drochsheirbhís**

Bíonn Coimisinéir Teanga na hÉireann ag gearán faoina laghad freastail a dhéanann comhlachtaí poiblí ar Ghaeilgeoirí. Tá Niamh Ní Chadhla ag déanamh MA i Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge in UCD, agus shíl sí go mbainfeadh sí triail as an comhlachtaí céanna.[3] Bhí a fhios aici go bhfuil Scéim Teanga ag Údarás an Gharda Síochána agus ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, dream a bhfuil cúram oifig na bPasanna orthu.

Thug sí cuairt ar stáisiún na nGardaí i nDún Droma, ag iarraidh foirm a fháil don phas, treoir a fháil chun an fhoirm a líonadh agus stampa agus síniú a fháil – agus an méid sin go léir a dhéanamh trí Ghaeilge. Ní raibh

[2] http://www.gaelport.com/nuacht/Andrew-McKimm-Leaving-Cert-its-an-Irish-renaissance-as-hostilities-cease/
[3] http://www.gaelport.com/nuacht/Gnathla-oibre/

Gaeilge ag na Gardaí a raibh sí ag caint leo, rud a d'fhág frustrachas agus fearg ar a raibh ann. Cuireadh an gnó i gcrích, ach admhaíonn Niamh gurb é an fáth a raibh na Gardaí cráite aici 'go raibh a fhios acu go raibh an Béarla agam agus nach raibh mé sásta é a úsáid'.

Ansin thug sí faoi Oifig na bPasanna. Chuir sí in iúl go raibh fonn uirthi a gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, agus ba ghearr gur tháinig bean chuici a bhí 'cairdiúil agus cabhrach' agus gur thug an tseirbhís chéanna di is a bheadh le fáil trí Bhéarla. Cuireadh iontas ar Niamh, áfach, nuair a dúradh léi go raibh sise ar an dara duine laistigh de thrí bliana a d'iarr seirbhís trí Ghaeilge.

D'ainneoin an ratha a bhí ar an scéal sa dara cás, léargas eile atá anseo ar laige na mbeartais teanga agus ar theip na Gaeilge éigeantaí.

♦❖♦❖❖♦❖♦

**iTranslate**

Tá Google mórtasach as iTranslate, feidhmiúchán den saghas a bheadh le cumadh ag dream éigin luath nó mall agus atá ar fáil anois ar Android agus iPhone. Ateangaire póca atá ann, agus (mar a dúirt léirmheastóir amháin) cé nach ligfidh sé duit fisic chandamach a phlé cuideoidh sé leat teacht ar stáisiún traenach nó leithreas.

Seo iad na teangacha atá ar fáil faoi láthair: Afracáinis, Albáinis, Arabais, Béalarúisis, Bulgáiris, Catalóinis, Sínis (idir shimplithe agus thraidisiúnta), Crótais, Seicis, Danmhairgis, Ollainnis, Béarla, Eastóinis, Fionnlainnis, Fraincis, Gailísis, Gearmáinis, Gréigis, Eabhrais, Hiondúis, Ungáiris, Íoslainnis, Indinéisis, Iodáilis, Seapáinis, Cóiréis, Laitvis, Liotuáinis, Macadóinis, Malaeis, Máltais, Ioruais, Peirsis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Rúisis, Seirbis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis, Svahaílis, Sualainnis, Tagáiligis, Téalainnis, Turcais, Úcráínis, Vítneamais, Breatnais, Giúdais – agus Gaeilge.

Tiocfaidh feabhas ar fheidhmiúcháin den saghas seo, gan amhras, agus sinn in ann an fhisic chandamach féin a phlé dá bharr. Ná samhlaítear go n-éireoidh daoine as teangacha a fhoghlaim, ach beidh torthaí fadtréimhseacha an ghairis an-suimiúil. Fiú má dhéanaimis talamh slán de go bhfanfaidh an Béarla faoi réim mar theanga dhomhanda, cá mhéad duine a chuirfidh dua orthu féin le Béarla a fhoghlaim feasta agus aistriúchán ar fáil chomh héasca sin? Is furasta a aithint go mbeidh daoine in ann rud ar bith a scríobh agus macasamhail chruinn den téacs a fháil ar an bpointe ina rogha teanga (rud nach ionann is an leagan gan dealramh a gheofá ó Google (mis)Translate faoi láthair). Is léir nach bhfuilimid ach i dtús oibre.

Féach **http://www.itranslatevoice.com/.**

♦❖♦❖❖♦❖♦

**Ealaín Bhundúchasach agus an tSín**

Tá Bundúchasaigh na hAstráile ann i gcónaí – agus castacht éigin ag baint le dearcadh na gnáth-Astráile ina leith. Fadhb iad ar shlí amháin (cuimhnítear ar dhrugaí, ól nó achrann sna bailte beaga); ar shlí eile aithnítear go bhfuil mealladh ina ndúchas, go háirithe nuair atá sé le feiceáil i bhfoirm ealaíne. Tá baint aige sin le rud eile a bhfuil an-suim ag Astrálaigh ann – an tSín, ceannaitheoir mór ár gcuid mianraí, foinse turasóirí, agus áit a chaithfimid a chur san áireamh má táimid ag meabhrú ar cóimheá na cumhachta sa réigiún.

Tagann turasóirí ón tSín, ach is dócha gur beag í a spéis san iargúil iontach mar a maireann an seanchultúr. (Ní rachaidís ar iargúil bhocht a dtíre féin.) Deirtear anois, áfach, go bhfuil borradh faoin dúil atá acu in ealaín na mBundúchasach – ealaín neamhfhíorach a chuireann in iúl nádúr agus spioradáltacht shainfhearann na n-ealaíontóirí.

Tá foireann *Artlink*, iris ealaíne, sásta beart a dhéanamh de réir a mbriathair.[4] Beidh seisiún acu faoi ealaín chomhaimseartha Bhundúchasach ag an 13ú Comhdháil Léinn Astrálaigh in Ollscoil Xihua, Chengdu.

[4] http://artlink.com.au/events/artlink-goes-to-china/

Gheobhaidh gach toscaire cóip de *Artlink Indigenous: Beauty & Terror*, móreagrán den iris atá aistrithe go Sínis. Tá 120 leathanach lándaite ann agus tá *Artlink* ag súil go scaipfear an t-eagrán trí ollscoileanna na tire.

I measc na dtaispeántas den ealaín úd a bhíonn le fáil ar fud na hAstráile is fiú *People of the Sun and Shadow: the art of the Spinifex People* a lua – seó a bheidh ar siúl ó 23 Lúnasa go dtí 12 Deireadh Fómhair 2012 i nGailearaí John Curtin in Ollscoil Mhic Chuirtín, Peirt. Cuireadh an tionscadal ar bun sa bhliain 1997 mar chuid de dhoiciméadú an Teidil Bhundúchasaigh. Tá na healaíontóirí ag obair leo i gcónaí le péint aicrileach ar línéadach: http://johncurtingallery.curtin.edu.au/exhibitions/future.cfm#sap.

Más mian leat samplaí maith den ealaín Bhundúchasach a fheiceáil ar líne, tá suíomh suimiúil tráchtála ag Coo-ee Aboriginal Art Gallery in Sydney: http://www.cooeeart.com.au/.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to **rianach@optusnet.com.au*** **.**

## Leaganacha simplithe

**Láinseáil *Hidden Ireland in Victoria***

Ar 6 Meitheamh 2012 láinseáladh *Hidden Ireland in Victoria*, leabhar le Val Noone. Tá taighde fada déanta aige ar an nGaeilge in oirdheisceart na hAstráile, agus tá toradh an taighde sin le fáil sa leabhar. Bhí an ócáid ar siúl sa Chlub Ceilteach in Melbourne agus bhí slua mór ann. Bhí cúpla amhránaí ann agus rinneadh a lán óráidí.

Bhi an leabhar ar díol ann agus bhí mórán daoine á cheannach. Bhí deoch agus bia le fáil. Tháinig an tAmbasadóir, cé raibh moill air toisc go raibh air freastal ar ócáidí eile.

Bhí cainteoirí Gaeilge ann, idir Ghaeilgeoirí agus chainteoirí dúchais, Éireannaigh agus Astrálaigh, agus cuid acu le fáil sa leabhar féin.

Is é an leabhar an chéad chuntas a tugadh riamh ar stair na teanga in Victoria. Tá sé déanta as míle blúire eolais agus iad fite fuaite ina chéile[5] go bríomhar soléite. Is léir ón leabhar go raibh idir leanúnachas agus a mhalairt[6] ann. Tháinig na mílte cainteoir dúchais sa 19ú haois, agus timpeall na bliana 1900 bhí athbheochan bheag in Melbourne. Bhí ranganna ar siúl sna fichidí agus suim ag roinnt bheag daoine sa teanga sna daichidí agus sna caogaidí. Ach na daoine a thosaigh ag foghlaim nó ag múineadh Gaeilge sna hochtóidí in Melbourne, ar éigean a bhí eolas acu ar stair na teanga san Astráil.

Scríobh Patrick O'Farrell, staraí mór na nÉireannach san Astráil, gur thréig na hinimircigh an teanga chomh luath agus ab fhéidir leo. Taispeánann leabhar Val go mbíodh na hinimircigh ag úsáid Gaeilge eatarthu féin agus go mbíodh sí ag cuid dá gclann. Na hAstrálaigh atá ag foghlaim agus ag saothrú na teanga anois, tá claonadh acu chun cuimhneamh ar an nGaeilge[7] mar theanga Astrálach.

Ach is deacair an Ghaeilge a shaothrú san Astráil go nádúrtha mar a shaothraítear an Béarla. Mothaítear[8] go bhfuil athfhréamhú[9] le déanamh. Cuid den athfhréamhú úd *Hidden Ireland in Victoria*, mar tugann léargas dúinn ar scéal na teanga. Agus aithnítear an taobh Bundúchasach den scéal: dá dhaingne iad[10] an Ghaeilge nó an Béarla i stair na hAstráile, bhí teangacha agus dúchas rompu ann.

**An chaint sna scoileanna**

Beidh daltaí ag déanamh Páipéar nua Gaeilge na Meánteistiméireachta i mbliana in Éirinn agus béim ar an gcaint. Beidh 40% de na marcanna ag brath ar líofacht cainte seachas 25% mar a bhí roimhe seo.

Scríobh Andrew McKimm alt don *Independent*, nuachtán Éireannach, le déanaí agus agallamh ann le Risteárd Báiréad, múinteoir Gaeilge i gColáiste na Carraige Duibhe i mBaile Átha Cliath. Deir Báiréad go mbíonn daoine á rá leis nach bhfuil an cúpla focal féin acu tar éis dóibh[11] staidéar a dhéanamh ar an teanga le trí bliana déag – agus nach bhfuil an ceart acu. Tá foclóir mór acu, agus nuair a labhraíonn sé leo tuigeann siad gan dua é.

Tuigeann daoine stair na hÉireann níos fearr anois agus b'fhearr leo breis Gaeilge a bheith acu. Deir sé go nglacann a dhaltaí leis an teanga mar chuid den chóras. Ní bhaineann an teanga le haon traidisiún polaitiúil nó reiligiúnda ar leith anois, agus tá litríocht bheoga ann.

B'fhéidir é: ach is trua nach bhfuil an teanga á múineadh le héifeacht sna bunscoileanna. Níl na múinteoirí ann chuige[12]. Sin é an fáth a bhfuil rath ar na gaelscoileanna.

---

[5] Fite fuaite ina chéile - interwoven

[6] A mhalairt – the opposite

[7] Cuimhneamh ar an nGaeilge – consider Irish (as)

[8] Mothaítear – it is felt

[9] Athfhréamhú – re-establish

[10] Dá dhaingne iad – however firmly placed

[11] Tar éis dóibh – after they have

[12] Chuige – for that purpose